Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10709 — PARTNERS GROUP / FORTERRO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 210/16)

1. An 17 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Partners Group AG ("Partners Group", an Eilvéis)

— Jeeves Information Systems AB ("Forterro", an tSualainn)

Gheobhaidh Partners Group urlámhas aonair ar Forterro ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le Partners Group: réimse leathan cistí agus punanna infheistíochta saincheaptha do riachtanais na n-infheisteoirí a sholáthar d'infheisteoirí institiúideacha idirnáisiúnta a bhfuil rochtain dhíreach uathu ar shócmhainní margaidh phríobháidigh,

— maidir le Forterro: bogearraí gnó agus réitigh TF a sholáthar, ag díriú ar réitigh bogearraí le haghaidh pleanáil acmhainní fiontraíochta a sholáthar do chuideachtaí monaraíochta agus táirgthe meánmhargaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10709 – PARTNERS GROUP / FORTERRO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").